
gaelscoil bhaile brigín

# NUACHTLITIR 21 19/02/24




Beimid ag céiliúradh Lá Domhanda na Leabhar ar scoil Dé hAoine **01 Márta.** Beidh fáilte roimh dhaltaí gléasadh suas an lá seo ar nós an carachtar is fearr leo ón leabhar is fearr leo. Táimid ag siúl go mór leis na hiarrachtaí a fheiceáil.

Tabharfar dearbhán le haghaidh Lá Domhanda na Leabhar amach ar scoil an tseachtain seo. Is féidir le daltaí iad seo a chaitheamh ag an margadh leabhar an tseachtain seo chugainn nó é a thabhairt isteach sa siopa leabhar áitiúil chun leabhar a roghnú saor in aisce ón réimse d'eagráin teoranta.

***We will be celebrating World Book Day on 1st March this year here in the school. Pupils are invited to dress up as their favourite character from their favourite book. We are really looking forward to seeing all your ideas.***

***World Book Day tokens will be sent home with each pupil this week. These can be spent at our book fair next week or can be exchanged for one of the limited edition free books in the local book shop.***

## *Coiste na dTuistí/ Parent's Association*

Beidh an Margadh leabhar ar siúl an tseachtain seo chugainn ón 27 Feabhra - 01 Márta. Táimid ag súil go mór leis. Is deis iontach é chun do pháiste a spreagadh chun an léitheoireachta. Rachaidh samplaí den mhéid a bheidh ar fáil le ceannach ar Aladdin.

Faraor, ní bheimid in ann glacadh le cártaí i mbliana de bharr cúíseanna nach bhfuil neart againn orthu.

Is féidir leat dearbhán a cheannach don mhargadh roimhré ag an nasc seo: https://bookfairs.scholastic.ie/gift-vouchers




Tá siad seo an-áisiúil mura féidir le tuismitheoir teacht chun na scoile don mhargadh. Nó fiú má tá tuismitheoir ag teacht, is bealach é le cinntiú nach mbeidh tú ag feitheamh ar soinseál nó chun cloí le buiséad.

Beidh tú in ann íoc ar líne sa halla leis an gcód MF a bheidh crochta timpeall na háite. Déan cinnte go gcoimeádann tú seat den scáileán le taispeáint ag an deasc.

Beidh an coiste in ann glacadh le hairgead crua ar an lá mura oireann na rogha thuas duit.

Ar nós gach rud eile, ní féidir linn an margadh a reáchtáil gan dóthan óglaigh. Is féidir rphost a sheoladh chuig gsbbcoiste@gmail.com nó labhairt le hAisling san oifig chun d'ainm a chur ar an liosta le cabhrú. Táimid thar a bhuíoch as gach cabhair a fhaigheann muid ach go háirithe don mhargadh gnóthach seo.

***The Book Fair takes place next week from 27th February to 1st March. We are really looking forward to it. It's  a great opportunity to encourage children to read. You will find a small sample of what will be available to purchase on Aladdin.***

***Unfortunately due to reasons beyond our control, we will be unable to accept card payments this year.***

***You can however purchase vouchers in advance of the fair at this link https://bookfairs.scholastic.ie/gift-vouchers .***

***These are very handy for parents who cannot come to the school. Even if parents are coming to the school, they are handy to have to avoid waiting on change or for sticking to budget.***

***You will also be able to pay online in the hall using the QR code that will be posted around the room. Don't forget to take a screenshot of your payment confirmation to show at the desk.***

***If neither of these options suit you, the parent's committee will be able to accept cash.***

***As with everything, we cannot run the fair without plenty of volunteers. Please email gsbbcoiste@gmail.com or speak to Aisling in the office if you can help out. We are grateful for all the help we get but especially at this busy fair.***






**Tae agus Plé - Teacht le chéile Gaeloideachas do thuismitheoirí chun caint faoi eispéireas páistí agus teaghlaigh uathacha san oideachas lán-Ghaeilge**
Dé Máirt, 27 Feabhra 2024 19:30-21:00
Scoil Oilibhéir, An Chúil Mhín, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15, D15 PX99
Tá an clárúchán oscailte anois agus breis eolais anseo
***https://gaeloideachas.ie/tae-agus-ple-teacht-le-cheile-do-thuismitheoiri-chun-caint-faoi-eispeireas-paisti-agus-teaghlaigh-uathacha-san-oideachas-lan-ghaeilge/?lang=ga***
Beidh roinnt cainteoirí éagsúla linn ag tús na hoíche chun caint ar théamaí éagsúla agus beidh timpeall 45 nóiméad ansin ag tuismitheoirí plé lena chéile agus/nó plé le roinnt dár gcainteoirí. Is iad na cainteoirí a bheidh linn ná Méabh Ní Choileáin, an Dr Neasa Ní Chiaráin, Margaret O'Brien agus Paula Cashin. Breis eolais faoi na cainteoirí ag an nasc thuas.
Spásanna teoranta do 50 tuismitheoir agus cúramóirí. Clárúchán riachtanach.

***Tae agus Plé - the Gaeloideachas Parents meetup to talk about autistic children and families' experience in Irish-medium education***
***Tuesday, February 27th 2024 19:30-21:00***
***Scoil Oilibhéir, An Chúil Mhín, Cluain Saileach, Dublin 15, D15 PX99***
***Registration is now open and more information can be found here.***
***https://gaeloideachas.ie/tae-agus-ple-parents-meetup-to-talk-about-autistic-children-and-families-experience-in-irish-medium-education/***
***On the night, we will have a panel of speakers who will speak about different topics at the start of the night. Parents will then have the opportunity to chat with other parents and some of our speakers for about 45 minutes. Our speakers include: Méabh Ní Choileáin, Dr Neasa Ní Chiaráin, Margaret O'Brien and Paula Cashin. More info on the speakers at the link above. Spaces limited to 50 parents and caregivers. Registration required in advance.***




***<u>An mhí litearthachta/ Literacy Month</u>***

Tá an mhí litearthachta faoi lán seol sa scoil. Beidh imeachtaí éagsúla ar siúl gach uile lá sa mhí chun na daltaí a spreagadh chun an leitheoireachta. Is breá le daltaí na scoile tabhairt faoin leitheoireacht roinnte agus tá tús curtha leis seo idir na hardranganna agus na ranganna níos óige. Beidh bosca leabhar sa bhreis i ngach seomra ranga. Beidh DEAR ar siúl chuile lá. Beidh comórtaisí ranga ar siúl, beimid ag gléasadh suas Dé hAoine 01 Márta agus beidh an margadh leabhar ar siúl an tseachtain seo chugainn. Is deis iontach í an mhí litearthachta chun cuairt a thabhairt ar an leabharlann áitiúil. Tá an t-ádh linn go bhfuil leabharlann iontach anseo i mBaile Brigín.
Lean an leathanach Instagram chun nuacht a fheiceáil le linn na míosa.

***Literacy month is in full swing in the school. A variety of activities will take place every single day for the entire month to encourage reading amongst the pupils. Shared reading between the older classes and the younger classes is a favourite here in the school and this has already started. Each class will have a new box of books to enjoy. DEAR will feature daily. Drop Everything And Read! There will be class competitions, dress up day on Friday 01st March and the book fair takes place next week. Literacy month is a great opportunity to visit the local library. We are lucky to have such a wonderful library here in Balbriggan.***
***Keep an eye on the school's instagram page for updates throughout the month.***